

IMEACHTA CÚIRTE

AN COIMISIÚN EORPACH

Caingean a thug Eviny AS in aghaidh Údarás Faireachán CSTE an 27 Meán Fómhair 2022

(Cás E-10/22)

(2022/C 437/04)

An 27 Meán Fómhair 2022, thug Eviny AS caingean in aghaidh Údarás Faireachán CSTE os comhair Chúirt CSTE, agus is iad Svein Terje Tveit agus Paul Gunnar Hagelund, Arntzen de Besche, Ruseløkkveien 30, 0251 Osló, an Iorua, na habhcóidí a bhí ag ionadaíocht dóibh.

Tá Eviny AS ag iarraidh ar chúirt CSTE an méid seo a leanas a dhéanamh:

1. Cinneadh Uimh. 161/22/COL ó Údarás Faireachán CSTE an 6 Iúil 2022 a neamhniú; agus
2. Ordú a thabhairt d'Údarás Faireachán CSTE costais na n-imeachtaí a íoc.

An cúlra dlíthiúil agus an cúlra fíorasach, mar aon le pléadálacha faoin dlí a tugadh ar aird chun tacú leis an méid sin:

- Is cuideachta fuinnimh in-athnuaite Iorua é Eviny AS (“an t-iarratasóir”), cuideachta a chorpraítear faoi dlí na Iorua agus a dhéanann fuinnimh leictreach a tháirgeadh agus a dháileadh san Iorua Thiar.
- Glacadh Cinneadh Uimh. 161/22/COL (“an cinneadh atá á chonspóid”) tar éis gearán a rinne NEFLO, comhlachas trádála Iorua, dár dáta an 11 Bealtaine 2017, faoi státchabhair a dheonaigh Bardasacht Bergen.
- Baineann na bearta atá á gconspóid le róchúiteamh ar chostais oibriúcháin agus chothabhála agus ar chaiteachas caipitiúil maidir le bonneagar soilsithe sráide in Bergen.
- Iarann an t-iarratasóir go neamhneofar an Cinneadh atá á chonspóid agus bunaíonn sé a iarratas ar na pléadálacha seo a leanas:
 - Rinne Údarás Faireachán CSTE earráid fhollasach mheasúnúcháin i gcur i bhfeidhm choincheap an ghnóthais nuair a tháinig sé ar an gconclúid gur gníomhaíocht eacnamaíoch é úinéireacht agus oibriú soilsithe sráide;
 - Rinne Údarás Faireachán CSTE earráid fhollasach mheasúnúcháin nuair a tháinig sé ar an gconclúid go bhfuair an t-iarratasóir buntáiste eacnamaíoch as an róchúiteamh;
 - Níl aon saobhadh ar an iomaíocht ná éifeacht ar thrádáil ann;
 - Ní mór an chabhair líomhnaithe a aicmiú mar chabhair atá ann cheana nach bhfuil faoi réir aisghabhála; agus
 - Tá an Cinneadh atá á chonspóid bunaithe ar scrúdúchán neamhleor ar na fíricí agus ní sholáthraítear leis réasúnaíocht cheart, de shárú ar Airteagal 16 den Chomhaontú idir Stáit CSTE maidir le hÚdarás Faireachán agus Cúirt Bhreithiúnais a bhunú.